Coinín agus Sionnach

Seanscéal ó Cheanada

Leathanach bán

Coinín agus Sionnach

Seanscéal ó Cheanada

I bhfad ó shin, bhí seanbhean bhundúchasach ina cónaí i gCeanada. I rith an lae, d'oibríodh an tseanbhean ina garraí ag fás glasraí. D'fhás sí cabáistí glasa, meacain dhearga, pónairí buí, min bhuí agus puimcíní ramhra. Ach maidin amháin, d'éirigh an tseanbhean agus chonaic sí go raibh a cuid cabáistí, a cuid meacan agus a cuid mine buí ar shiúl.

"Tá a fhios agam," ar sise, "cé a thóg mo chuid glasraí. Tá a fhios agam fosta an dóigh leis an bhithiúnach a cheapadh."

Chruinnigh sí tuí agus rinne sí taibhse préachán. Fuair sí pota mór. Chuaigh sí amach chuig na crainn ghiúise agus líon sí an pota le guma. Dhoirt sí an guma ar an taibhse préachán. Rinne sí súile de choirníní gloine. Rinne sí srón de bhuaircín. Rinne sí gruaig de ghais arbhair. Ansin, chuir sí an taibhse taobh le geata an gharraí.

An oíche sin, tháinig Coinín isteach sa gharraí – agus léim sé le heagla nuair a chonaic sé an taibhse. Ach, nuair nár bhog an taibhse, labhair Coinín leis.

"Amach as an bhealach, a bhithiúnaigh," ar seisean leis,

"agus lig isteach mé!"
Bhuail Coinín an taibhse préachán lena lapaí tosaigh, agus chuaigh a lapaí tosaigh i bhfostú ann. Ní thiocfadh leis iad a tharraingt amach. Chiceáil sé an taibhse lena lapaí cúil, agus chuaigh a lapaí cúil i bhfostú ann. Ní thiocfadh leis iad a tharraingt amach. Bhuail sé poc dá cheann ar an taibhse agus chuaigh a cheann i bhfostú ann chomh maith.
"Tagaigí i dtarrtháil orm!" ar seisean de scread. "Tá mé gafa ag an taibhse!"
Tháinig an tseanbhean bhundúchasach de rith amach agus mála ina lámh aici.
"Tá tú gafa sa deireadh agam," ar sise.
"Ní ghoidfidh tú arís go deo mo chuid glasraí nó bainfidh mise an ceann anois díot."
Chuir sí Coinín isteach sa mhála agus cheangail sí béal an mhála le sreang sa dóigh is nach dtiocfadh leis éalú. D'imigh sí ansin a lorg tua le go mbainfeadh sí an ceann de Choinín.
Leis sin, tháinig Sionnach an bealach. Baineadh tuisle as ar an mhála agus scairt Coinín amach,
"Cuidigh liom! Lig amach mé!"
"A Choinín," arsa Sionnach, "cad é atá tú a dhéanamh

istigh sa mhála sin?"
"D'iarr an tseanbhean orm a cuid cearc a bheathú," arsa Coinín, "agus nuair a dhiúltaigh mé rug sí orm agus cheangail sí sa mhála mé. Lig amach mé, le do thoil."
"Maith go leor," arsa Sionnach, "tá dúil agamsa i gcearca. Tabharfaidh mise aire do chearca na seanmhná."
Scaoil sé ceangal an mhála, lig sé Coinín amach agus chuaigh isteach ann é féin. Cheangal Coinín béal an mhála le sreang agus as go brách leis ar cosa in airde. Tháinig an tseanbhean ar ais agus an tua léi.
"Anois," ar sise, "bainfidh mé an ceann díot."
D'aithin Sionnach gur bhuail Coinín bob air, agus nuair a d'oscail an tseanbhean an mála theith sé sula dtiocfadh léi breith air.
I rith na hoíche sin, chuardaigh Sionnach Coinín, ach níor éirigh leis teacht air. Lá arna mhárach, chuardaigh Sionnach Coinín arís, níor éirigh leis teacht air. Ach tráthnóna beag, tháinig sé a fhad le sruthán agus ansin, ar an bhruach thall, bhí Coinín ina shuí.
"Goitse anall," arsa Sionnach, "tá meacain bhlasta dhearga agam duit."
"Ní íosfaidh mé iad, go raibh maith agat, a Shionnaigh," arsa Coinín. "Tá rud eile le hithe agam."

Coinín agus Sionnach
Seanscéal ó Cheanada

Ba mhaith a d'aithin sé an cleas a bhí ag Sionnach. D'éirigh an ghealach ar ball. Agus chonaic Coinín scáil na gealaí in uisce an tsrutháin.

"Amharc, a Shionnaigh," ar seisean. "Amharc an canta mór de cháis bhuí sa sruthán."

Léim Sionnach amach san uisce ar thóir na cáise, ach ní bhfuair sé í. D'aithin sé ansin gur bhuail Coinín bob eile air agus bhí sé ar buile le fearg.

"Goitse anall," arsa Sionnach, "tá cabáiste glas úr agam duit."

"Ní íosfaidh mé é, a Shionnaigh, go raibh maith agat," arsa Coinín, "tá rud eile le hithe agam."

Shuigh sé ar an bhruach agus d'ith sé leis.

"Cad é atá tú a ithe?" arsa Sionnach.

"Ag ithe puimcíní," arsa Coinín.

"Caith chugam ceann acu, le do thoil," arsa Sionnach.

"Caithfidh, cinnte," arsa Coinín, "ach slog siar ina aon phíosa amháin é. Mar sin is fearr puimcíní a ithe."

Chaith sé cúcamar a bhí clúdaithe le dealga chuig Sionnach. Cheap seisean ina bhéal é agus shlog siar ina aon phíosa amháin é! Ghreamaigh na dealga ina scornach agus scread sé le pian. Agus ansin, scread sé le fearg nó d'aithin sé gur bhuail Coinín bob arís air.

D'imigh Coinín sna trithí gáire.
I rith na hoíche sin, chuardaigh Sionnach Coinín, ach ní bhfuair sé é. Ach ar maidin, tháinig sé air agus é ina shuí ar shail adhmaid ag seinm feadóige. Nuair a chonaic Coinín Sionnach chuige, chuir sé forrán cainte air.
"Tá iníon leis an Taoiseach áitiúil le pósadh inniu," ar seisean, "agus d'iarr sé ormsa dul chun na bainise agus m'fheadóg a sheinm ann. Rachaidh mé ann nó gheobhaidh mé dornán airgid ón Taoiseach agus gheobhaidh mé mo sháith le hithe."
Dar le Sionnach, ba mhaith liomsa dul ar an bhainis, agus ar seisean,
"Dá mbeadh feadóg agamsa d'fhéadfainn í a sheinm d'iníon an Taoisigh. Is mairg gan feadóg agam!"
"Bíodh an ceann seo agat," arsa Coinín. "Tá ceann eile sa bhaile agam. Gheobhaidh mé anois í."
Agus d'imigh Coinín ina rith chun an bhaile go bhfaigheadh sé an fheadóg eile.
Shuigh Sionnach ar an tsail agus sheinn sé ar an fheadóg. Agus é ag seinm, bhí sé ag machnamh ar an bhainis, agus ar an bhia blasta a gheobhadh sé le hithe. Ach, ní a iarraidh feadóige a d'imigh Coinín. Chuaigh sé chun an bhaile a iarraidh bogha agus saighead! Tháinig Coinín go

fáilí tríd an fhéar nó go raibh radharc aige ar Shionnach. D'ardaigh sé a bhogha agus scaoil sé saighead leis an fheadóg. Bhuail an tsaighead an fheadóg agus chaith amach as béal Shionnaigh í. Theith Sionnach ar cosa in airde. Ba mhaith a bhí a fhios aige gur bhuail Coinín bob eile arís air.

"Ligfidh mé do Choinín feasta," ar seisean leis féin. "Ní fhéachfaidh mé arís lena cheapadh."

Chuaigh Coinín chun an bhaile lena bhogha agus a shaigheada agus a fheadóg. Chuaigh sé isteach ina chró beag seascair agus shuigh sé. Agus an gáire a rinne sé, bhain sé macalla as ballaí an tí.

Leathanach bán

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning